Modúl 6
Stad Cairdiach Cuid 2: ACS agus Uath-dhífhibriliú seachtrach (AED)

Torthaí Foghlama

Beidh daltaí:

- ag foghlaim faoi na céimeanna atá le leanstan i gcás éigeandála agus bainfidh siad úsáid as an neamónach CFSFASD le cuidiú leo;
- ag foghlaim faoin dóigh le comhbhrúnna cliabhraigh agus análacha tarrthála a dhéanamh agus faoin chóimheas idir comhbhrúnna agus análacha;
- ag foghlaim faoin rud a dhéanann an dífhibrileoir agus faoin dóigh a bhfeidhmíonn sé;
- ag foghlaim na ngiorrúchán éagsúil atá ann do dhífhibrileoir; agus
- ag foghlaim faoin dóigh leis an dífhibrileoir a úsáid agus pléifidh siad na cúinsí tábhachtacha a bhaineann le pillíní dífhibrileora a úsáid agus an fáth a bhfuil tábhacht leo.

Acmhainní

- Físeán **Cameron's Day** agus/nó físeán **The Library**
- **Cártaí Scileanna: 6a An dóigh le hanáil tharrthála a thabhairt** agus **6b An dóigh le ACS a dhéanamh**
- **Cártaí Gníomhaíochta: 6a An ráta ceart a bhaint amach, 6b Anáil Tharrthála, 6c Bearta Éigeandála agus 7c Aisteoireacht**
- Físeán **Defibrillator Awareness**

Nótaí Teagaisc

- Taispeáin Físeán **Cameron's Day** nó físeán **The Library** ón cheacht dheireanach.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí cad é a tharla don taismeach – stop a chroí de bheith ag pumpáil fola thart ar an chorp agus tá stad cairdiach aige.
- Gabh siar ar Mhodúl 2:
  - contúirt a aithint;
  - seiceáil faoi choinne freagartha;
  - scairteadh amach le cuidiú a iarraidh;
  - an feadán anála a oscailt;
  - seiceáil faoi choinne; gnáthanálaithe; agus
  - comhbhrúnna cliabhraigh.



- Mínigh análacha tarrthála do na daltaí: go gcaithfidh siad an t-aer a bhrú óna gcorp féin isteach i scamhóga an taismigh sa dóigh is go bhfaighidh an taismeach ocsaigin. Ansin, brúfaidh na comhbhrúnna cliabhraigh an fhuil ocsaiginithe thart ar an chorp.
- Déan soiléir do na daltaí gurb ionann ACS agus 30 comhbhrú cliabhraigh ansin dhá anáil tharrthála agus sin a athdhéanamh.
- Taispeáin análú tarrthála trí úsáid a bhaint as an chur chuige teagaisc **Ceithre Chéim**.
- Cuimhnigh nach bhfuil sé cosúil le balún a shéideadh agus anáil mhór a ghlacadh. Ba cheart don tarrthálaí go leor aeir a ghlacadh isteach le séideadh i mbéal an taismigh nó le haghaidhsciath/masc póca go bhfeicfidh sé an cliabhrach ag ardú. Ná tabhair níos mó ná 2 anáil do gach 30 comhbhrú.

© CCEA 2022

Modúl 6 - Stad Cairdiach Cuid 2

Análacha Tarrthála a Léiriú

- Claon siar cloigeann an taismigh agus tóg a smig lena fheadán anála a oscailt mar a léiríodh roimhe seo.
- Fáisc srón an duine lena druidim.
- Lig do bhéal an duine oscailt ach coinnigh a smig in airde.
- Glac gnáthanáil ansin cuir do bhéal thar bhéal an duine agus cinntigh nach dtig le haer ar bith éalú.
- Séid isteach i mbéal an duine ar feadh soicind nó mar sin agus féach ar a chliabhrach ag ardú is ag titim.
- Iarr ar an rang análacha tarrthála a chleachtadh ar na mainicíní.
- Abair leis na daltaí nár cheart dóibh níos mó ná dhá anáil tharrthála a dhéanamh roimh dhul ar ais chuig na comhbhrúnna cliabhraigh.
- Léirigh an próiseas iomlán ón tseiceáil faoi choinne contúirte go dtí na comhbhrúnna cliabhraigh agus na hanálacha tarrthála.
- Muna n-ardaíonn an cliabhrach nuair a dhéantar na hanálacha tarrthála, ní mór trí rud a mheas:
  - **Bac:** An bhfuil rud éigin i bhfostú san fheadán anála?
  - **Sceitheadh:** Ar fháisc tú an tsrón teann go leor sa dóigh is nach dtig le haer éalú?
  - **Claonadh:** An bhfuil an cloigeann claonta siar go leor?

ACS Iomlán a Léiriú

- Déan seiceáil faoi choinne contúirte.
- Scairt amach le cuidiú a iarraidh.
- Oscail an feadán anála.
- Déan seiceáil faoi choinne gnáthanálaithe.
- Muna bhfuil an duine ag análú mar is ceart, scairt ar 999 nó iarr ar dhuine eile scairt a chur.
- Téigh ar do ghlúine taobh leis an duine.
- Cuir meall do bhoise ó do lámh cheannasach i lár chliabhrach an taismigh.
- Cuir meall do bhoise ón lámh eile ar bharr do láimhe ceannasaí.
- Comhghlasáil do mhéara le chéile, más féidir. Muna dtig leat do mhéara a chomhghlasáil, cuir ordóg ón lámh atá ar bharr thart ar rosta na láimhe eile.
- Cuir do lámha os cionn chliabhrach an taismigh agus do sciatháin sínte amach díreach.
- Brúigh síos go crua agus déan iarracht lár an chliabhraigh a bhrú síos 5 cm nó 6 cm.
- Lig don bhrú maolú i ndiaidh gach comhbhrú ach coinnigh do lámha ar an chliabhrach.
- Déan sin arís thart fá 100 go 120 uair gach bomaite.
- Déan 30 comhbhrú.
- Roinn an t-eolas atá ar **Chárta Scileanna: 6b An dóigh le ACS a dhéanamh**. Cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr orthu sealanna a ghlacadh ag cleachtadh ar na mainicíní.
- Abair leis na daltaí gur cheart dóibh leanstan ar aghaidh le ACS. Níor cheart stopadh go dtí go dtarlóidh ceann amháin nó níos mó de na rudaí seo a leanas:
  - **Cuidiú** – nuair a thagann duine eile le cuidiú leat;
  - **Traochadh** – nuair nach dtig leis an tarrthálaí leanstan ar aghaidh;
  - **Otharcharr** – nuair a thagann otharcharr agus an fhoireann le cuidiú a thabhairt;
  - **Freagra** – nuair a dhéanann an taismeach gluaiseacht fhiúntach (mar shampla – iarracht a dhéanamh do lámh a bhrú óna chliabhrach); nó
  - **Dífhibrileoir** – nuair a deir an dífhibrileoir gan baint den othar.
- Abair leis na daltaí go bhfuil sé maith go leor do roinnt daoine sealanna a ghlacadh ag déanamh ACS, ag malartú gach cúpla bomaite ach gur cheart dóibh iarracht a dhéanamh gan bearna a bheith ann agus iad ag malartú.

© CCEA 2022

Modúl 6 - Stad Cairdiach Cuid 2

Feasacht ar Dhífhibriliú

- Tá dífhibrileoir i gcuid mhór scoileanna agus i bhfoirgnimh phoiblí amhail ollmhargaí agus stáisiúin traenach. Tá siad iontach simplí le húsáid agus d'fhéadfadh siad beatha duine a shábháil má tá stad cairdiach aige.
- Cinntigh go dtuigeann na daltaí cad is dífhibrileoir ann agus faoin áit le teacht orthu i gcás éigeandála.
- Abair leis na daltaí go n-inseoidh an tseirbhís otharchairr ar 999 dóibh an áit a bhfuil an dífhibrileoir 'éigeandáil réidh' is cóngaraí. Má tá sé i gcófra atá faoi ghlas, tabharfaidh siad an cód rochtana dóibh. Tá sé tábhachtach go dtugtar an dífhibrileoir ar ais chuig an chófra nó an foirgneamh ina raibh sé i ndiaidh don fhoireann otharchairr teacht.
- D'fhéadfadh an fhoireann otharchairr na pillíní ón dífhibrileoir pobail a bhaint le pillíní a ndífhibrileora féin a chur ar an taismeach agus tá sé tábhachtach go leantar le ACS go dtí go ndéantar sin.
- Is inneall é dífhibrileoir (Uath-dhífhibrileoir seachtrach (AED) nó Dífhibrileoir poiblí) a d'fhéadfadh cuidiú le duine a bhfuil stad cairdiach aige. Tugann sé turraing leictreach atá rialaithe dó a chuireann stop leis an chroí agus atosaíonn sé arís é.
- Bí airdeallach ar na rudaí seo thíos agus tú ag greamú na bpillín leis an chraiceann:
  - **Clúmh** – bain úsáid as rásúr le clúmh breise a bhaint sa dóigh is go ngreamóidh na pillíní leis an chraiceann;
  - **Séadaire** – bosca beag miotail a chuirtear faoin chraiceann agus a bhíonn ar chlé in uachtar an chliabhraigh, de ghnáth;
  - **Siogairlíní** – ní gá iad a bhaint a fhad is nach gcuirtear na pillíní ar a mbarr;
  - **Allas** – glan le tuáille páipéir;
  - **Cíochbheart** – ba cheart é a ghearradh sa lár sa dóigh is go dtig leis an phillín chlé greamú le taobh an chliabhraigh faoin ascaill chlé;
  - **Polladh** – ní gá iad a bhaint ach bí airdeallach agus tú ag cur na bpillín ar an chraiceann; agus
  - **Paistí** – bain agus triomaigh an áit a raibh sé má bhíonn sé sa bhealach ar an áit ar cheart don phillín dul.
- Ba cheart go mbeadh trealamh 'Éigeandáil Réidh' i ndífhibrileoirí leis na rudaí a leanas ann:
  - rásúr;
  - siosúr láidir;
  - miotóga indiúscartha;
  - tuáille páipéir; agus
  - aghaidhsciath nó masc póca.

© CCEA 2022

Modúl 6 - Stad Cairdiach Cuid 2

Smaointe Breise agus Naisc Thraschuraclaim



- **FSO (Forbairt Phearsanta), Eolaíocht agus Teicneolaíocht (Bitheolaíocht)**
  - Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh agus cur i láthair a thabhairt ar ról na scamhóg, agus ar an dóigh a dtacaíonn análú leis an chorp.
- **FSO (Forbairt Phearsanta, Saoránacht), Timpeallacht agus an tSochaí (Tíreolaíocht)**
  - Iarr ar na daltaí na dífhibrileoirí uilig sa scoil nó sa cheantar a mhapáil. Cuideoidh sin leo éirí cleachta leo agus cuideoidh sé leo teacht ar cheann i gcás éigeandála.
- **FSO (Forbairt Phearsanta), Uimhearthacht**
  - Iarr ar na daltaí dul chuig an dífhibrileoir sa scoil agus iarr orthu taifead a dhéanamh ar an am atá de dhíth le dul ann agus ar ais.
- **Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona (Drámaíocht)**
  - Bain úsáid as drámaíocht agus rólimirtí le hiniúchadh a dhéanamh ar an áit agus an uair a d'fhéadfadh stad cairdiach a bheith ag duine. Bain úsáid as an tasc sin le daingniú a dhéanamh ar an phróisis tarrthála.
- **FSO (Forbairt Phearsanta), Eolaíocht agus Teicneolaíocht (Bitheolaíocht)**
  - Bain úsáid as balúin agus iarr ar na daltaí análacha tarrthála a dhéanamh orthu leis an dóigh a líontar agus a scaoiltear aer as na scamhóga a léiriú.
- **FSO (Forbairt Phearsanta, Saoránacht), Uimhearthacht, Teanga agus Litearthacht**
  - Muna bhfuil dífhibrileoir ag an scoil, tabhair spreagadh do na daltaí smaoineamh ar dhóigheanna le hairgead a bhailiú le ceann a cheannach. D'fhéadfadh siad imeacht tiomsaithe airgid a reáchtáil nó labhairt le gnóthaí áitiúla le hurraíocht a fháil.
- **FSO (Forbairt Phearsanta, Saoránacht), Teanga agus Litearthacht**
  - Déan díospóireacht ranga ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí le dífhibrileoir a bheith ar thalamh na scoile nó taobh amuigh di (ach cóngarach do thalamh na scoile). D'fhéadfadh siad machnamh a dhéanamh ar rochtain, slándáil, costas, cur isteach, dliteanas srl.
- **FSO (Forbairt Phearsanta), Teanga agus Litearthacht, Úsáid TFC**
  - Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar chásanna de stad cairdiach. D'fhéadfadh siad amharc ar thuairiscí nuachta a bhaineann le cásanna clúiteacha amhail Christian Eriksen nó scéalta a bhaineann le muintir na háite. Iarr orthu na scéalta a athinsint agus iarr orthu béim a chur ar ról ACS agus uath-dhífhibrileoir seachtrach (AED) i sábháil bheatha an duine sa scéal.
- **FSO (Forbairt Phearsanta, Saoránacht), Teanga agus Litearthacht, Uimhearthacht**
  - Déan plé leis na daltaí faoi na háiteanna is fearr le huath-dhífhibrileoirí seachtracha (AED) a chur. Iarr orthu taighde a dhéanamh le feiceáil an bhfuil AED ar fáil ansin. Iarr orthu labhairt faoi na háiteanna a bhfuil AED agus an bhfuil siad inrochtana. D'fhéadfadh daltaí cur i láthair a dhéanamh leis na torthaí taighde a léiriú i bhfoirm ghraif, chairte nó mar bhunachar sonraí.

© CCEA 2022